## Tástálacha rialaithe ionfhabhtaithe i suíomhanna cúraim sláinte

### Tástáil saotharlainne

Soláthraítear sa bhileog seo eolas faoi thástálacha a dhéantar i saotharlann micribhitheolaíochta. Déantar tástálacha ar shamplaí i saotharlann, mar shampla, fual (mún), spútam (seile), faecas (cac) a thógtar ó othair. Nuair a sheoltar samplaí chuig saotharlann, faigheann tú an toradh ar ais i gceann cúpla lá. Cuidíonn torthaí na dtástálacha le cúiseanna ionfhabhtaithe ó bhaictéir, víris nó fungais a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith díobhálach (mar shampla, múnla agus giosta).

Uaireanta, nuair a bhíonn cúram á thabhairt duit i suíomh cúraim sláinte, b'fhéidir go ndéanfaí roinnt tástálacha ort lena sheiceáil an bhfuil ionfhabhtú ort. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí iad sin má bhíonn siomptóim ort amhail teocht ard, tinneas nó pianta, nó má bhíonn pian nó at nó deargadh méadaithe thart ar chréacht. Má bhíonn ionfhabhtú ort, cuideoidh na tástálacha sin le do dhochtúir an cúrsa cóireála is fearr a thabhairt duit, amhail antaibheathaigh, má bhíonn siad de dhíth ort.

### Orgánaigh frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí (MDRO) – tarbhfhríd

Beidh ar oibrithe cúraim sláinte fios a bheith acu freisin an bhfuil 'orgánach frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí' (MDRO), ar a dtugtar tarbhfhrídí go coitianta, ort.  Sa bhileog seo, déanfaimid tagairt do MDRO mar tharbhfhríd. Míneoidh an t-oibrí cúraim sláinte a thógfaidh an sampla uait duit é agus gheobhaidh sé do chead sula mbaileofar an sampla. Is féidir na tástálacha sin a dhéanamh fiú nuair nach bhfuil aon siomptóim ort.

Don chuid is mó de na daoine an chuid is mó den am, maireann tarbhfhrídí go neamhdhíobhálach ar an gcraiceann nó sa chorp. Tugtar "iompar nó coilíniú" air sin. D'fhéadfadh sé go mbeadh tarbhfhríd á hiompar agat go neamhdhíobhálach sula dtiocfaidh tú chuig an ospidéal.  D'fhéadfá tarbhfhríd a thógáil i suíomh cúraim sláinte trí theagmháil le hothair eile, nó trí theagmháil le foireann agus trealamh cúraim sláinte.

Is féidir leis an tarbhfhríd dul isteach corruair sa lamhnán, sna duáin, sna scamhóga nó san fhuil agus d'fhéadfadh ionfhabhtú trom a bheith mar thoradh air sin. Is gnách go dtarlaíonn sé sin in othair atá an-leochaileach, mar shampla, nuair a bhíonn dianchúram de dhíth orthu nó nuair a bhíonn ceimiteiripe á fháil acu. Má thagann ionfhabhtú ort de bharr tarbhfhríde, cuirfear cóireáil ar leith ort toisc go bhféadfadh an frídín a bheith frithsheasmhach in aghaidh cóireálacha coitianta. Má thagann ionfhabhtú trom ort mar gheall ar tharbhfhríd, ní mór é sin a insint do na dochtúirí a luaithe is féidir ionas go gcuirfear an chóireáil cheart ort láithreach.

### Conas a bheidh a fhios agam an bhfuil ceann de na horgánaigh sin atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí orm?

Is é an t-aon dóigh le fios a bheith agat go bhfuil tarbhfhríd á hiompar ag duine sampla a ghlacadh agus é a thástáil sa tsaotharlann. Nuair a dhéanaimid tástáil le haghaidh tarbhfhrídí, cuirfimid ceist ort an féidir linn

‘maipíneacht’ a thógáil – cosúil le baitín cadáis fada. Seoltar an mhaipíneacht chuig an tsaotharlann ansin lena tástáil.

Déantar tástáil ghnáthaimh ar a lán othar le haghaidh tarbhfhrídí nuair a thagann siad isteach san ospidéal. B'fhéidir go mbeadh sampla múin, caca nó maipíneachta ó chréacht uait uaireanta a d'fhéadfadh a thaispeáint go bhfuil tarbhfhríd ort. Má bhíonn toradh dearfach ar do thástáil, inseoidh dochtúir nó altra duit faoin toradh. Míneoidh siad duit cad atá i gceist leis sin agus tabharfaidh siad eolas duit a bheidh tú ábalta a léamh agus a thabhairt abhaile leat.

**Maipíneacht sróine**

B’fhéidir go n-iarrfar ort maipíneacht a thógáil ón taobh istigh de do shrón. Déantar é sin de ghnáth lena sheiceáil an bhfuil tú ag iompar MRSA (staphylococcus aureus frithsheasmhach in aghaidh meiticilline.). Is cineál baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach é sin. Déanfaidh an t-altra an mhaipíneacht a chuimilt taobh istigh de do shrón. Ní ghortóidh an tástáil sin thú ach d'fhéadfadh sé cigilt bheag a chur ionat, nó b’fhéidir go mbeadh sé beagán míchompordach.

**Tástálacha le haghaidh víris riospráide**

Úsáidtear mhaipíneacht chomhchosúil ach níos caoile chun cineálacha eile víreas riospráide a sheiceáil, mar shampla, an fliú (fliú), víreas sincítiach riospráide (RSV) nó COVID-19, teastaíonn sampla ó níos doimhne i do shrón ó na maipíneachtaí sin. D’fhéadfadh sé sin a bheith míchompordach agus go gcuirfeadh sé casachtach nó sraothartach ort. Ní mhairfidh an míchompord sin ach ar feadh soicind agus an mhaipíneacht á tógáil.

**Spútam**

Is éard is spútam ann ná an múcas a shocraíonn in aerbhealaí íochtair do chuid scamhóg nuair a bhíonn ionfhabhtú nó tinneas ainsealach ort. Tugtar réama air sin freisin. D’fhéadfadh sé go gcaithfí do spútam a thástáil má cheapann d’oibrí cúraim sláinte go bhfuil ionfhabhtú scamhóige ort (ar a dtugtar ionfhabhtú sa chonair riospráide íochtair freisin). Déanfar tástáil ar an spútam a tháirgeann tú nuair a bhíonn ionfhabhtú scamhóige ort chun cuidiú leis na frídíní ba chúis le d’ionfhabhtú a shainaithint, agus chun treoir a thabhairt maidir leis an gcóireáil a bheidh ag teastáil freisin. Is é an bealach is coitianta chun sampla spútaim a thabhairt duit sampla a chur aníos le casacht isteach i gcoimeádán eiseamail steiriúil a thabharfaidh d’oibrí cúraim sláinte duit. Más féidir, ba chóir an sampla sin a bhailiú ar maidin.

**Maipíneacht chraicinn**

Má bhíonn tú á thástáil le haghaidh MRSA – mar shampla, roimh chineálacha áirithe máinliachta nó in aonaid ar leith i suíomhanna cúraim sláinte – b’fhéidir go dtógfaí maipíneachtaí ó do chraiceanna in áiteanna eile chomh maith.  Is éard atá i gceist leis seo ná maipíneacht a chuimilt ar do chraiceann – mar shampla, do bhléin nó uaireanta ó chréacht, má bhíonn ceann ort.

Má bhíonn créacht ort a bhfuil an chuma air go bhfuil sé ionfhabhtaithe nó go bhfuil sé mall ag cneasú, féadfaidh an t-altra a chinneadh maipíneacht a thógáil ón gcréacht. Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios

agat an bhfuil tarbhfhríd á hiompar agat, mar go bhféadfadh sé cuidiú le do dhochtúirí an chóireáil is fearr a roghnú duit má thagann ionfhabhtú ort.

**Maipíneacht reicteach**

Déanann go leor ospidéal othair a sheiceáil go rialta le haghaidh tarbhfhrídí. Déantar é sin go minic thart ar an am iontrála, agus is féidir é a dhéanamh ag amanna eile le linn d'fhanachta i saoráid cúraim sláinte. Déantar é sin lena sheiceáil an bhfuil cineálacha áirithe tarbhfhrídí á n-iompar agat, lena n-áirítear eintreacocas atá frithsheasmhach in aghaidh vancaimícine (VRE) nó CPE (Enterobacterales a tháirgeann carbaipeineamáis).

Is é maipíneacht ó reicteam (tóin) othair an bealach is tapúla agus is éasca chun seiceáil le haghaidh VRE nó CPE, toisc go n-aimsítear é sa phutóg de ghnáth. Le do chead, tógfaidh altra an mhaipíneacht. B'fhéidir go mbeadh sé beagán míchompordach nuair a bheidh an mhaipíneacht á tógáil, ach níl sé pianmhar. Seoltar an sampla chuig saotharlann ansin.

**Sampla faecais**

Uaireanta, b'fhéidir nach mbeifear ábalta sampla reicteach a thógáil. Más é sin mar a bheidh, tógfaidh dochtúir nó altra sampla ó do chac (faecas). Má bhíonn buinneach ort, d'fhéadfaí go gcuirfí sampla caca lena thástáil le haghaidh Clostridioides difficile (C. diff), nó noraivíreas (fríd urlacain geimhridh). Má tá amhras ann go bhféadfadh nimhiú bia a bheith ort, déanfar do shampla a thástáil le haghaidh *Campalabaictéir nó Salmonella,* ar frídíní iad ar féidir leo a bheith ina gcúis le nimhiú bia go coitianta. Is cineál eile baictéir é cripteaspóiridiam is féidir a bhrath má bhíonn gaistreintríteas ort.

Nuair a bhailítear an sampla, seoltar chuig saotharlann é lena thástáil. D'fhéadfadh sé a bheith tábhachtach a fháil amach an bhfuil buinneach ort mar gheall ar chineál baictéir ionas gur féidir leat an chóireáil is fearr a fháil, lena n-áirítear antaibheathaigh má bhíonn siad ag teastáil uait.

**Sampla fuail**

Is féidir sampla fuail a thógáil má bhíonn siomptóim ionfhabhtaithe lamhnáin ort. Uaireanta is féidir le baictéir dul isteach sa lamhnán agus d'fhéadfadh sé go dtiocfadh ionfhabhtú lamhnáin (cistíteas) nó ionfhabhtú duáin (piailineifríteas) fiú ar dhaoine a bhfuil sláinte mhaith acu go ginearálta. Is féidir le roinnt tarbhfhrídí, mar shampla ESBL, (an t-ainm gairid do bhéite-lachtamáisí le speictream leathnaithe) a bheith in gcúis le hionfhabhtuithe lamhnáin nó duáin. Is féidir le ESBLanna maireachtáil go neamhdhíobhálach sa phutóg agus ní bhíonn siad ina gcúis le hionfhabhtú. Tugtar coilíniú air sin. Is féidir leat an frídín a iompar sa ghoile nó sa phutóg gan ionfhabhtú a chruthú.

**Saothrán fola**

Má thagann teocht ard ort nó má éiríonn tú tinn, féadfaidh an dochtúir samplaí de do chuid fola a thógáil lena seoladh chuig an tsaotharlann. Tugtar saothrán fola air sin agus tá sé difriúil le tástálacha gnáthaimh fola. Déantar é sin lena fháil amach an bhfuil 'ionfhabhtú i sruth na fola' ort – ionfhabhtú i do chuid fola. D'fhéadfadh *baictéir, giosta agus miocrorgánaigh eile a bheith ina gcúis leis sin.* Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios agat má tá ionfhabhtú i sruth na fola ort lena chinntiú go bhfaighidh tú an chóireáil cheart agus

chun cuidiú leis na dochtúirí fios a bheith acu cad iad na hantaibheathaigh nó na cógais is fearr a oibreoidh chun an cineál sin ionfhabhtaithe a chóireáil.

**Tuilleadh eolais**

Má bhíonn ceisteanna ar bith agat faoi aon cheann de na maipíneachtaí nó na tástálacha thuas, nó má bhíonn ceisteanna agat faoi ionfhabhtuithe ospidéil nó tarbhfhrídí, cuir ceist ar do dhochtúir atá i gceannas ar do chúram nó ar an altra. Tá bileoga eolais ar leith ar fáil orthu seo go léir.

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil freisin faoi shláinteachas láimhe, rialú ionfhabhtaithe agus tarbhfhrídí ar bith a bhainistiú sa bhaile ar www.hse.ie/hcai agus www.hse.ie/handhygiene.